CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/2062 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Deireadh Fómhair 2022

maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Coiste sin a mhaoiniú, a mhéid a bhaineann leis an tríú tráthchuid le haghaidh 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2022 ina leagfar amach méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2022.

(2) De bhun Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ("BEI") le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, tá na méideanna a leagtar síos do Chistí Eorpacha Forbraíochta ("CEFanna") a bhí ann roimhe sin le hídiú ar dtús. Ba cheart, dá bhrí sin, glao ar chistí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 a dhéanamh le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an "Ríocht Aontaithe") chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt siar, mar sin féin, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF le hathúsáid i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020, nó faoi CEFanna roimhe sin.

(5) Le Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle ([4]), socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2022 ag EUR 2 500 000 000 le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh an BEI.

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

([4]) Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 (IO L 396, 10.11.2021, lch. 61).

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Íocfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair CEF leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, i leith an tríú tráthchuid le haghaidh 2022, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

IARSCRÍBHINN

AN TRÍÚ TRÁTHCHUID 2022 (EUR) ATÁ LE HÍOC LEIS AN GCOIMISIÚN AGUS LE BEI

NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE	Scála 11ú CEF %	An Coimisiún	BEI	An Coimisiún + BEI
		11ú CEF	11ú CEF	Méid iomlán an tríú tráthchuid 2022
AN BHEILG	3,24927	19 495 620	3 249 270	22 744 890
AN BHULGÁIR	0,21853	1 311 180	218 530	1 529 710
AN tSEICIA	0,79745	4 784 700	797 450	5 582 150
AN DANMHAIRG	1,98045	11 882 700	1 980 450	13 863 150
AN GHEARMÁIN	20,57980	123 478 800	20 579 800	144 058 600
AN EASTÓIN	0,08635	518 100	86 350	604 450
ÉIRE	0,94006	5 640 360	940 060	6 580 420
AN GHRÉIG	1,50735	9 044 100	1 507 350	10 551 450
AN SPÁINN	7,93248	47 594 880	7 932 480	55 527 360
AN FHRAINC	17,81269	106 876 140	17 812 690	124 688 830
AN CHRÓIT	0,22518	1 351 080	225 180	1 576 260
AN IODÁIL	12,53009	75 180 540	12 530 090	87 710 630
AN CHIPIR	0,11162	669 720	111 620	781 340
AN LAITVIA	0,11612	696 720	116 120	812 840
AN LIOTUÁIN	0,18077	1 084 620	180 770	1 265 390
LUCSAMBURG	0,25509	1 530 540	255 090	1 785 630
AN UNGÁIR	0,61456	3 687 360	614 560	4 301 920
MÁLTA	0,03801	228 060	38 010	266 070
AN ÍSILTÍR	4,77678	28 660 680	4 776 780	33 437 460
AN OSTAIR	2,39757	14 385 420	2 397 570	16 782 990
AN PHOLAINN	2,00734	12 044 040	2 007 340	14 051 380
AN PHORTAINGÉIL	1,19679	7 180 740	1 196 790	8 377 530
AN RÓMÁIN	0,71815	4 308 900	718 150	5 027 050
AN tSLÓIVÉIN	0,22452	1 347 120	224 520	1 571 640
AN tSLÓVAIC	0,37616	2 256 960	376 160	2 633 120
AN FHIONLAINN	1,50909	9 054 540	1 509 090	10 563 630
AN tSUALAINN	2,93911	17 634 660	2 939 110	20 573 770
AN RÍOCHT AONTAITHE	14,67862	88 071 720	14 678 620	102 750 340
IOMLÁN AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE	100,00	600 000 000	100 000 000	700 000 000